

Comórtas “Mise agus an tAontas Eorpach 2026”

Ní neart go cur le Chéile



Ar mhaith leat go n-éistfeadh príomhchinnteoirí an Aontais le do thuairim? An bhfuil plean agat chun do phobal áitiúil a fheabhsú? Ar mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoin tionchar a bhíonn ag an Aontas ar do shaol laethúil?

Chun Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Iúil – Nollaig 2026) a cheiliúradh, seoladh comórtas **“Mise agus an tAontas Eorpach”** a spreagann daltaí chun foghlaim faoin gcaoi a nascann pobail áitiúla ar fud na hÉireann leis an Eoraip.

I ngrúpaí, ba chóir duit:


- Ceist áitiúil a roghnú
- Fáil amach conas a nascann sé leis an Aontas Eorpach
- Féachaint ar an gcaoi ar féidir leis an Aontas (nó ar thug sé cheana féin) aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhchosúla
- Plean gníomhaíochta a chur i láthair do do cheantar



Tá an seans ann go mbuafaidh tú duaiseanna iontacha, san áireamh leis sin, tá an deis do phlean gníomhaíochta a chur i láthair príomhchinnteoirí an Aontais agus na hÉireann!

Is féidir leat an méid seo a leanas a chur isteach:

- Fístionscadal
- Tionscadal fuaime
- Cur i láthair



NOD DON EOLACH!

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach, léigh Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach: Ní neart go cur le chéile nó Treoir don Duine Óg maidir le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE!



Dáta Oscailte: 21 Meán Fómhair 2026

Dáta Deiridh: 27 Samhain 2026

Tá an comórtas seo oscailte do gach bunscoil agus iar-bhunscoil, ina measc sin, daoine óga a fhreastalaíonn ar shuíomhanna oideachais eile.